



Bainisteoir Cláir (Innealtóir Grád I)

Is comhlacht rialtais í an Gníomhaireacht Tithíochta atá ag obair leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, le hÚdaráis Áitiúla agus le Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe (CTCanna) chun tithe agus seirbhísí tithíochta a chur ar fáil.

Is í fíis na Gníomhaireachta tithe a sholáthar dóibh siúd a bhfuil gá acu leo. Déanann sí é sin trí léargais agus sonraí bunaithe ar fhianaise maidir le tithíocht a sholáthar, lena ndéantar smaointeoireacht agus ceapadh beartas a threorú; trí obair a dhéanamh le daoine eile chun soláthar réiteach maidir le tithíocht a chumasú agus chun cláir agus gníomhartha i mbeartas tithíochta an Rialtais a chur i bhfeidhm; agus tríd an inniúlacht a thabhairt di féin agus dá páirtithe leasmhara a theastaíonn chun aghaidh a thabhairt go tapa agus go héifeachtach ar dhúshláin sa chóras tithíochta.

Baineann trí théama leathana le hobair na Gníomhaireachta maidir le tithíocht inbhuanaithe agus inacmhainne a chur ar fáil do chách agus tá ár bhfócas leanúnach ar bharrfheabhas san Eagraíocht ina chuidiú leis an méid seo a chur i gcrích. Is iad seo leanas na trí théama sin:

- Bheith mar lárionad maidir le heolas tithíochta.
- Dul i ngleic le Soláthar agus Inacmhainneacht Tithíochta
Ag tacú le Pobail Inbhuanaithe agus Ionchuimsitheacha a Chruthú

Cuirimid réimse leathan seirbhísí ar fáil, lena n-áirítear:

- Cúnamh a thabhairt d'údaráis áitiúla maidir le gnéithe uile na feidhme tithíochta dá gcuid
- Tacaíocht a thabhairt do thionscnaimh tithíochta inacmhainne, lena n-áirítear scéimeanna um chíos de réir costais agus scéimeanna ceannaigh inacmhainne
- Tithe a aimsiú agus réadmhaoin a fhoinsiú le haghaidh tithíocht shóisialta
- An Ciste Croí Cónaithe a bhainistiú
- Comhairle theicniúil agus tacaíochtaí teicniúla d'údaráis áitiúla agus do Chomhlachtaí Tithíochta Ceadaithe (CTCanna) maidir le tógáil caipitil agus tionscadail athfheistithe agus soláthar
- Measúnuithe airgeadais ar iarratais ar mhaoiniú CTC
- An tionscnamh Tús Áite do Thithíocht a chomhordú
- Morgáiste go Cíos
- Taighde, anailís airgeadais agus comhairle maidir le beartas
- Feabhsúchán Piríte
- Scéimeanna na mBloc Coincréite Lochtach
- Forbairt agus bainistíocht talún
- An Scéim um Leasúchán Lochtanna Árasán agus Árasán Dhá Urlár
- Frithghealladh lasachta
- Oiliúint agus faisnéis do chleachtóirí tithíochta

- An Straitéis Tithíochta Náisiúnta do Dhaoine faoi Mhíchumas/Dul i ngleic le hlonchuimsiú Sóisialta

Tá tuilleadh faisnéise faoin nGníomhaireacht Tithíochta ar fáil ag www.housingagency.ie

An Ról

Tá cuireadh á thabhairt ag an nGníomhaireacht Tithíochta ar iarratais ar phost buan mar Bhainisteoir Cláir (Grád Innealtóra I) laistigh den Stiúrthóireacht Feabhsúcháin. Bunófar an post in Iarthuaisceart na hÉireann. Is féidir le hiarrthóirí ar mian leo a bheith san áireamh d'fholúntais amach anseo mar Bhainisteoir Cláir (Innealtóir Grád I) inár n-oifig i mBaile Átha Cliath iarratas a dhéanamh freisin, agus ní mór dóibh a léiriú go soiléir an bhfuil siad ag iarraidh a bheith san áireamh le haghaidh (a) an ról san Iarthuaisceart amháin, (b) ról amach anseo a bheidh lonnaithe i mBaile Átha Cliath amháin, nó (c) an dá láthair. Cruthófar painéil roghnúcháin don dá láthair ón gcomórtas seo. Tá Beartas Oibre Cumaisc á oibriú ag an nGníomhaireacht Tithíochta.

Cuirfidh an Bainisteoir Cláir a cheapfar cláir oibre i bhfeidhm a shanntar don Gníomhaireacht Tithíochta agus beidh sé/sí freagrach as cláir nua a phleanáil, a chur ar bun agus a chur i bhfeidhm.

Oibreoidh an Bainisteoir Cláir a cheapfar, mar aon leis an bhfoireann a shanntar do chlár, go háirithe taobh le agus i ndlúthchomhar leis na foirne teicniúla agus gairmiúla a shanntar don Stiúrthóireacht Timpeallachta Tógtha.

Glactar leis go mbeidh an té a cheapfar ina b(h)all foirne a mbeidh baint ghníomhach aige/aici le forbairt fhoriomlán na Gníomhaireachta Tithíochta, a chuirfidh beartais na Gníomhaireachta Tithíochta chun cinn i gcónaí agus a chloifidh le luachanna na Gníomhaireachta Tithíochta: <https://www.housingagency.ie/publications/strategy-annual-report>

Values



The values of the Housing Agency set the standard for the way we work with our colleagues and our stakeholders. In this strategic period, we will continue to embed our values throughout the organisation to guide and inform everything we do.

We will place a particular focus on internal and external collaboration. We have placed people at the centre of everything we do to highlight the importance of our staff, our stakeholders, and the people we are working to support with housing needs.

Príomhdhualgais

- Tabhairt faoi mhaoirsiú agus bainistiú ar chlár teicniúil ar fud na Stiúrtóireachta Feabhsúcháin, i mbeidh Feabhsúchán Piríte, Bloic Choincréite Lochtacha agus Lochtanna ar Árasáin i gceist.
- Comhordú agus maoirseacht a dhéanamh ar fhoirne cláir ildisciplíneacha, ina measc bainisteoirí tionscadail, sainchomhairleoirí seachtracha, innealtóirí, agus an fhoireann riaracháin agus an fhoireann airgeadais cláir, ag déanamh cinnte de go bhfuil acmhainní agus tacaíocht dhóthanach ag na foirne cláir leis an gclár ábhartha a sholáthar go gairmiúil.
- An príomhpháirt a bheith acu ag dréachtú pleananna gnó agus clárúchán ar mhaithe le spriocanna agus tosaíochtaí a chomhlíonadh.
- Cur le forbairt reachtaíochta ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.
- Caidreamh a bhainistiú le páirtithe leasmhara seachtracha, lena n-áirítear iarratasóirí scéime, Cuideachtaí Bainistíochta Úinéara, Údaráis Áitiúla, Ionadaithe Tofa agus comhlachtaí Stáit agus ionadaíocha.
- Cur le bainistiú na cumarsáide i measc na gclár ábhartha, lena gcinntítear go gcoinnítear próisis agus caighdeán.
- Forbairt agus cothabháil a dhéanamh ar chórais bainistíochta eolais oiriúnacha, lena n-áirítear léiriú ar chomhlíontacht na gclár sin le riachtanais soláthair agus rialachas chorparáideach.
- Tuairisciú ar dhul chun cinn, ar bhuiséad, ar chlár, nó pé rud eile atá ábhartha mar is gá, lena n-áirítear freastal ar chruinnithe boird, ar chruinnithe le páirtithe leasmhara agus ar shocruithe eile le páirtithe leasmhara.
- Comhoibriú le haghaidh soláthar, ag eisiúint tairiscintí do chomhconsultóirí, Conradh oibre agus conraitheoirí speisialta de réir mar is gá.
- Maoirseacht a dhéanamh ar na comhairleoirí, conraitheoirí, agus speisialtóirí ceaptha ar son an Ghníomhaireacht Tithíochta, lena n-áirítear monatóireacht agus taifeadadh feidhmíochta
- Déanamh comhordú agus dul i gcomhairle le foireann airgeadais an Ghníomhaireacht Tithíochta ar smacht airgeadais agus fócaíochtaí do chlár oibre
- Réamh-mheastacháin buiséid a ullmhú chun leithdháiltí bliantúla maoinithe a fháil agus éilimh ar mhaoiniú a bhainistiú.
- Más gá, freagraí a thabhairt ar cheisteanna ón bpobal, na meáin, ionadaithe pholaitiúla, agus oifigigh ranna.
- Cinntiú go gcomhlíontar gach dualgas atá ar an nGníomhaireacht Tithíochta de réir théarmaí na gclár, lena n-áirítear aistriú deimhniúcháin agus cáipéisí riachtanacha nuair ar chríochnú na n-oibreacha.
- Déanamh cinnte de go ndéantar riarachán ar na cláir a leagtar ar an bhfoireann de réir cleachtais agus nósanna imeachta dea-rialachais.
- Tabhairt faoi dhualgais ar bith eile de réir mar a shannfaidh an Stiúrtóir agus an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin duit iad.
- Foireann bheag ildisciplíneach a bhainistiú, lena n-áirítear ról meantóireachta a ghlacadh.

Cáilíochtaí & Riachtanais maidir le Taithí

- Céim leibhéal 8 san Innealtóireacht / Ailtireacht / Sibhialta / Struchtúr / sa tSuirbhéireacht Foirgníochta nó a mhacasamhail sin agus taithí ábhartha 5 bliana in earnáil na tógála.

NÓ

- Cáilíochtaí a bhaineann le Bainistíocht Tionscadail agus taithí 7 mbliana ar a laghad a raibh 5 bliana den taithí sin bainteach le bainistíocht tionscadail in earnáil na tógála nó na maoinne / bainistithe saoráidí.
- Taithí chuí ar na Rialacháin, an Reachtaíocht agus na Caighdeáin Foirgníochta.
- Taithí mar is cuí i mBainistíocht Airgeadais agus Tionscadail.
- Is gá scileanna láidre ríomhairí, ach go h-áirithe in MS Office Suite; bheadh fios éigin ar bhogearraí sceidealaithe, cláreagraithe, agus dearaidh mar bhuntáiste.
- Is gá lán-cheadúnas tiomána.

Inniúlachtaí

- **Pleanáil Straitéiseach** – cuireann sé/sí saineolas teicniúil cuí i bhfeidhm ar raon féidearthachtaí agus déanann sé/sí measúnú cuimsitheach ar na himpleachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo mar gheall ar na cinntí agus gníomhartha a dhéantar san am i láthair.
- **Bainistíocht Tionscadail** – glacadh le modhanna oibre, córais agus próisis mar is cuí lena chinntiú go mbainfear spriocanna an aonaid amach.
- **Ceannasaíocht** – in ann cumas daoine eile a fhorbairt trí shocrú spriocanna, aiseolas, oiliúint agus deiseanna a chruthú le haghaidh tuilleadh forbartha.
- **Scileanna Cumarsáide** – in ann faisnéis a chur ar fáil ar bhealach muiníneach, loighciúil agus áititheach, ó bhéal agus i bhfoirm scríofa.
- **Eolas Speisialtóra** – saineolas ar bhainistíocht tionscadail, ar phróisis soláthair na hearnála poiblí, ar an tógtha / innealtóireacht agus ar an timpeallacht thógtha faoi mar a bhaineann sí le cúrsaí tithíochta, pleanáil, rialacháin foirgníochta agus rialú foirgníochta san áireamh.
- **Scileanna TF** - Inniúlacht ar TF lena n-áirítear inniúlacht maidir leis na cláir seo a leanas.
- **MS Office, Cubit, Cost X nó bogearraí tomhais cosúla eile agus roinnt eolais ar AutoCAD & Revit/ Samhaltú Faisnéise Foirgníochta**

Scála Tuarastail (Innealtóir Grád I) – Scála Státseirbhíse

€85,786 - €88,481 - €91,182 - €93,874 - €96,567 - €99,770 – BFS1 €103,415 – BFS2 €107,064

Ceapfar iontrálaithe nua ar an gcéad phointe den scála ar aon dul le beartas an rialtais.

D'fhéadfadh téarmaí agus coinníollacha éagsúla a bheith infheidhme más

státseirbhíseach/seirbhíseach poiblí ar seirbhís tú, go díreach roimh an gceapachán.

Incháilitheacht chun dul in iomaíocht:

Ba cheart d'iarrthóirí a thabhairt faoi deara go bhfuil incháilitheacht chun dul in iomaíocht ar fáil do shaoránaigh an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch (LEE). Áirítear Ballstáit an Aontais Eorpaigh mar chuid den LEE chomh maith leis an Íoslainn, Lichtinstéin agus an Iorua.

D'fhéadfadh saoránaigh de chuid na hEilvéise a bheith san áireamh chomh maith faoi chomhaontuithe an AE. Is gá go mbeadh iarratasóirí mar shaoránaigh de chuid an LEE faoin dáta a bhaineann le tairiscint poist ar bith chun go gcaileoidís. Ní mór d'iarrthóirí incháilithe bheith i gceann de na catagóirí seo a leanas:

- a) Saoránach den Limistéir Eorpach Eacnamaíoch. Áirítear Ballstáit an Aontais Eorpaigh mar chuid den LEE chomh maith leis an Íoslainn, Lichtinstéin agus an Iorua; nó
- b) Saoránach den Ríocht Aontaithe (RA); nó

- c) Saoránach na hEilvéise de bhun an chomhaontaithe idir an AE agus an Eilvéis ar shaorghluaiseacht daoine; nó
- d) Saoránach neamh-LEE atá mar chéile nó mar leanbh ag saoránach LEE nó saoránach na hEilvéise ag a bhfuil víosa stampa 4; nó
- e) Duine dár tugadh cosaint idirnáisiúnta faoin Acht um Chosaint Idirnáisiúnta 2015 nó ball teaghlaigh ar bith atá i dteideal fanacht sa Stát mar thoradh ar athaontú teaghlaigh ag a bhfuil víosa stampa 4; nó
- f) Saoránach neamh-AE ag a bhfuil víosa stampa 4 agus atá mar thuismitheoir ag leanbh cleithiúnach atá mar shaoránach de bhallstát LEE nó den Eilvéis agus a chónaíonn ann.

Beidh an ról ina áireamh taistil uaireanta idir an oifig ginearálta i mBaile Átha Cliath agus an oifig réigiúnach i nGuardian na Tíre.

Is é an Dáta Deiridh chun Iarratais a Fháil Dé hAoine, an 3ú lá de Dheireadh Fómhair 2025 ag 12 meán lae

Nós Imeachta an Iarratais

Ní mór d'iarrthóirí na nithe a leanas a chur ar fáil:

- a. foirm iarratais chomhlánaithe de chuid na Gníomhaireachta Tithíochta
- b. Ní mór gach cuid den fhoirm iarratais a chomhlánú.
- c. Ba cheart iarratais a chlóscríobh agus a chur isteach le ríomhphost i bhformáid PDF chuig recruitment@housingagency.ie
- d. Déanfar iarrthóirí a ghearrliostú bunaithe ar an bhfaisnéis arna cur ar fáil.
- e. Ní bhreithneofar iarratais neamhiomlána le haghaidh gearrliostaithe.
- f. Ní ghlacfar le hiarratais i gcúinse ar bith tar éis an dáta agus an ama deiridh.
- g. Dícháileofar iarrthóirí go huathoibríoch má dhéanann siad canbhasáil nó má dhéantar canbhasáil ar a son.

Dá ndéanadh an duine a mholtar do cheapachán an post a dhiúltú nó dá n-éireodh an duine as an bpost tar éis é a ghlacadh nó dá dtiocfadh aon fholúntas breise chun cinn, d'fheadfadh an Gníomhaireacht, faoina rogha féin, duine eile a roghnú agus a mholadh do cheapachán bunaithe ar thorthaí an phróisis roghnúcháin.



Diversity
Charter
Ireland



Investors in
Diversity

SILVER